

Croidhe Cainnte Chiarraighe:

SCÉAL SHEÁIN ÓIG AGUS A OLLSAOTHAIR FOCLÓIREACHTA

TRACEY NÍ MHAONAIGH

Rugadh Seán Óg Ó Caomhánaigh (Sean a' Chóta) sa bhliain 1885 i gClochar i bParóiste Bhaile an Fheirtéaraigh. Bhí clú agus cáil ar mhuintir mháthair Sheáin (Muintir de hÓra) as saibhreas a gcuid cainte, saibhreas a thug Seán leis. Chaith sé sealanna i mbun gairmeacha difriúla – seal ag múineadh, seal ag saighdiúireacht, seal ag spailpínteacht, seal ag iriseoireacht agus seal i mbun *Croidhe Cainnte Chiarraighe* (CCC) a thiomsú. Chaith sé seal leis i ngéibheann. Le linn Chogadh na gCarad, agus é ag troid ar thaobh na bPoblachtach, gabhadh é agus cuireadh i ngéibheann i gCampa an Churraigh é, áit ar choimeád sé cín lae a eispéisí.

Bhí spéis ag Seán Óg sa Ghaeilge i gcónaí, agus spéis aige i dtodhcháí na teanga. Scríobh sé alt do *Sinn Féin* (26-6-1911) ag plé le “Staid na Teanga i gCorca Dhuibhne” ina mbreathnaíonn sé ar thionchar an Bhéarla ar an teanga, agus na deacrachtaí a bhí roimpi fanacht beo. Aithníodh go forleathan diograis Sheáin Óig don teanga. Bhí Seoirse Mac Niocaill agus Micheál Breathnach, baill de Choiste Comhairleach na Roinne Oideachais, i measc na ndaoine sin a d'aithin a dhíograis agus a d'aithin, chomh maith, an saibhreas ina chuid Gaeilge féin nár mhór a chaomhnú. Thug siad spreagadh dó, ar an ábhar sin, dul i mbun cainteanna leis an Roinn Oideachais maidir le bailiúchán a thiomsú de Ghaeilge dhúchasach Chorca Dhuibhne.

Ar an 17 Bealtaine 1935 thosaigh Seán Óg ar an mórshaothar folclóireachta, *Croidhe Cainnte Chiarraighe*, a bhailliú. Lean sé air ar feadh 7 mbliana go dtí deireadh mhí na Nollag 1942. Cnuasach ollmhór a bhfuil tuairim is 2,200,000 focal agus 60,000 ceannfhocal ann, ar bailiódh a bhformhór ó chainteoirí líofa a cheantair dhúchais, ba thoradh ar

a chuid oibre. Ar bhonn páirtaimseartha a d'oibrigh sé ar dtús go dtí gur chinn sé ar an muínteoireacht a fhágáil ina dhiaidh d'fhoí go mbeadh sé in ann tabhairt faoi CCC go lánameartha.

Tar éis dó spreagadh na beirte thuasluaithe a fháil chuir sé samplaí dá chuid oibre faoi bhráid na Roinne Oideachais, samplaí a raibh an Roinn an-sásta leo, agus ar an 20 Bealtaine 1936 síníodh conradh, a dréactaíodh bunaithe ar na samplaí seo, idir é féin agus an Roinn chun foclóir Gaeilge-Gaeilge a chur le chéile inar aontaíodh go n-iocfaí £2 an míle focal leis. Moladh dó go háirithe leaganacha nach raibh i bhFoclóir an Duinnínigh a bhailliú.

B'ábhar conspóideach é leaganacha an Duinnínigh níos déanaí sa tionscnamh nuair a ardaíodh ceist na cosúlachta idir saothar Sheáin Óig agus an saothar eile. Agus é ag gabháil don eagarthóireacht dhírigh Risteárd Ó Foghladha ar roinnt samplaí as saothar Sheáin a raibh a gcomhabairtí le fáil sa saothar eile agus scríobh sé ar an lámhscríbhinn – “níor dochar don ughdar féachaint roimhe i gcomhnaidhe ar an bhfoclóir chun gan abairtí dá bhfuil i gcló ag Ó Duinnín d'aithscríobhadh”. Bhreac sé nótaí eile le cur faoi bhráid Sheáin agus cuireadh chuige iad. Chuaigh Seán tríothu agus chuir sé litir (4/5/40) chuig an Roinn inar léirigh sé a chuid tuairimí féin ar an ábhar –

“Tá a fhios agam go bhfuil abairtidhe a's ráidhte agam atá i bhfoclóir Uí Dhuinnín. An locht ar mo chuid oibre san? Ach níl aon rud agam agus atá sa bhfoclóir ná gur chuireas chuige cheana i gcóir na dara heagair den leabhar.... Socruigheadh idir an Aire agus mise náach é an rud atá nó ná ful ag aonnu eile a bheadh agam, ach na rudaidhe atá coitcheann annso i gCiarraighe chómh fada agus

bhí eolas agamsa air. Sin mar tá agam dhá dhéanamh an uile lá atá scataidhe rud dhá chlos a's dhá chóimharthughadh agam."

B'éisgean don Roinn géilleadh ar an ábhar seo agus d'aithin siad go raibh sé de cheart aige "to make use of words and phrases which he supplied to the compilers of Dinneen's Dictionary" (nóta ó Phroinnsias Ó Dubhthaigh, Leasrúnaí na Roinne Oideachais, chuit Seán Mac Lellan, An tOifigeach Foilseachán, 30/5/1940). Cé gur ghéill siad ar an ábhar seo bhí ceist fós á hardú acu faoi thoirt an tsaothair agus faoi luach cuid den ábhar ann.


Mheabhráigh an Roinn dó go raibh sé ag obair ar bhailliúchán de Ghaeilge Chiarraí agus ba chóir dó, dá bharr, an saothar a theorannú – "tá socair ag an Roinn gan ach focail agus leaganacha cainnte atá in úsáid i gCiarraighe amháin d'fhoilsíú san leabhar, agus ar an adhbhar san caithfear na focal is na múnlaí eile d'fhágáil ar lá... ní mór duit deimhin do dhéanamh de nách mbeidh id bhailliú ach focail agus leaganacha atá i n-úsáid i gCiarraighe amháin (nó go bhfuil ciall speisialta leó agus nach bhfuil le fagháil ins na canamhainí eile" (litir ó Sheosamh Ó Néill, Rúnaí na Roinne Oideachais, chuit Seán Óg, 27/06/38).

Faigtear tagairt i dtuairisc Sheáin Mhic Lellan ar an tionscnamh (CCC (SO), 18; N566 III) d'fhreagra Sheáin Óig ar an moladh seo – "[he said] it was impossible to restrict the work to words and phrases strictly peculiar to Kerry as he was not in a position to say how much of the Irish used in Kerry was not also used outside its borders".

Tar éis roinnt mhaith cuir is cúitimh agus roinnt mhaith comhfheareagais idir an Roinn Oideachais agus aturnae Sheáin Óig, David H. Charles, cinneadh gur chóir deireadh a chur le conradh na Bealtaine 1936 agus conradh leasaithe a dhréachtú. Aontaíodh ar choinníollacha an chonartha agus síniódh é ar an 4 Deireadh Fómhair, 1939. Lean Seán ar aghaidh ag bailliú leis gur éirigh leis an litir dheireanach a chur i gcrích ar an 30 Nollaig 1942. Bhí an chéad chuid den tionscnamh i gcrích, sa mhéid is go raibh tiomsú an ábhair déanta. Ina dhiaidh sin bhí an eagarthóireacht le déanamh.

De réir chlásal 13 sa chonradh nua bheadh ar an Aire cinneadh a dhéanamh maidir le foilsitheoiréacht an tsaothair "taobh istigh de dhá mhí dhéag ón lá a bheidh críoch curtha ar eagarthóireacht an tsaothair". Mura mbeadh an cinneadh déanta aige rachadh an cóipcheart i seilbh an údair. Thuig an Roinn go raibh saothar fiúntach acu agus b'éisgean dóibh, dá bharr, teacht ar réiteach le Seán Óg go mba leasan an cóipcheart pé socrú a dhéanfadh an tAire. Tairgeadh £100 dó ach lorg sé £500 mar fhreagra ar an tairiscint.


Ansin tairgeadh £200 dó agus lorg sé £300. Glacadh lena iarratas agus 'do réir téarmaí an Chomh-Aontaithe sin aontaíonn Mac Uí




Chaomhánaigh gach cóipcheart i gCCC do dhíol leis an Aire ar £300' (litir ó Mhicheál Breathnach chuit Rúnaí na Roinne Airgeadais, 30/7/1945). Bhí an cóipcheart slán ag an Roinn Oideachais, mar sin, agus lámhscribhinni bunaidh *Croidhe Cainnte Chiarraighe* ar coimeád i gcónaí sa Leabharlann Náisiúnta gan a mblas faigthe ag mórán.

Luadh thuas go bhfuil isteach is amach le 2,200,000 focal sa saothar. Ach cad go baileach atá

 **Cló Iar-Chonnachta**
Indreabhán, Co. na Gaillimhe.
Teil: 091 593307 Facs: 091 593362
R-phost: cic@iol.ie Suíomh idirlín: www.cic.ie


FIN DE SIÈCLE NA GAEILGE
Brian Ó Conchubhair
€20 (Crua) ISBN 978 1 905560 46 2
Cur síos ar an gcaoi a ndeachaigh an fin de siècle Eorpach i bhfeidhm go smior ar Athbheochan na Gaeilge. Is é seo an chéad teideal atá foilsithe ag Cló Iar-Chonnachta faoi inphrionta An Chláochomhair.


DIASA DÍOGRAISE
Eag. P. Ó Héalaí agus M. Mac Craith
€25 (Crua) ISBN 978 1 905560 44 8
Bhí Máirtín Ó Briain ina léachtóir le Nua-Ghaeilge in Ollscoil na hÉireann, Gaillimh, ó 1979 nó gur rug an bás uainn in antráth é i 2004. Sé aiste is fiche atá anseo a chuimsíonn gnéithe éagsúla d'oidhreachta na Gaeilge, go háirithe sna reimsi sin ab ansa le Máirtín, iad scríofa ag a iar-chomhghleacaithe in ómós dó.


DIASA DÍOGRAISE

Tá catalóg iomlán ar an suíomh idirlín
www.cic.ie

ann? Cén sórt samplaí agus focal iad? D'fhéadfai a rá gur meascán atá ann de roinnt nithe éagsúla: samplaí a d'úsáid Seán Óg as saothair focloireachta eile; samplaí as an mBíobla; téarmaíocht a bhaineann le ceirdeanna áitiúla na feirmeoireachta agus na hiascraicte mar aon le téarmaíocht a bhaineann leis an bhfarrage agus leis an aimsir; seansfhocail, giotaí as dánta agus amhráin, paidreacha, beannachtaí, piseoga, nósanna, eascainí, mallachtaí; cineálacha caitheamh aimsire; cúrsaí polaitíochta agus cogáiochta comhaimseartha; cúrsaí creidimh; mar aon le tagairt do shaol agus do thaithí Sheáin Óig fén. Seo a leanas roinnt samplaí as an gcuasach:

[an ceannfhocal faoina bhfaightear an samplaí airithe atá sa chló trom]


coimeád: Is mó an coimeád uisce (fual) ag mnáibh ná ag fearaibh ach is mó an coimeád rún atá ges na fearaibh ná aca: congbháil: cumhdach.

cómhanger: Ars an t-Athair Ó hAodhgáin le Pádraig Ó Fireálaigh ar fheicsint do eisean ag marcadícheacht ar asal 'sag gabháil ó thalamh air d'iarraíd gabháil amach ar Ghoibil a bhí ar asal eile ag dul ag frithéáilt pósta inghine dhuine aca lé mac an duine eile: "a Pheaidí, náire do chroidhe é bheith ag gabháil ar an ainmhidhe beannuighthe a iomchair ár Slánuightheoir go Beithil" – "a muirnín", arsa Peaidí, "dá mb' é seo a bheadh aige, ní shroichfeadh sé choidhche é!" - b'shin cómhanger cainnte agat, más maith leat: gearr, gonta, bríoghmhar.

droichtheangmhálaidhe: Dréir piseág droichtheangmhálaidhe d'iascaire bean ruadh do sheóladh air a's é ag dul i bhfeighil éisc: go mbeidh sé gan seilg an lá san.

eachmairt: Chreideadh na seandaoine ach láir do thabhairt chun na staile le linn don mhuir do bheith ag trághadh nó 'n-a tráigh gur searrach fireann do bheadh aice agus lé linn di bheith ag lionadh nó ag tuileadh gur searrach lárách do bheadh aice.

glas: An Ghlas Ghaimhneach, bó áirighthe i ndéscéalaídeacht. Ní raibh aon teóra le n-a tál



bainne. Athrach ar áthrach líontá as a húth. On bhfarrage (deirtear annso) do thagadh sí, ag itheadh ar an bhféar budh shaidhbhre sa cheanntar (baile an Fhiadhanaigh annso mar a gcodladh sí idir dhá stacán mhóra chloch i rith na feadha san tagtaí a's crúidhtí í). Tháinig cailín a's criathar aice gur thosnuigh ghá crúdhadh gur dhísc bainne na Glaise Gaimhnighe. As san amach ní feachtas ar talamh í.

Ní díreach cnuasach focal é *Croidhe Cainnte Chiarraighe*. Is cnuasach é de chaint bheo na ndaoine agus de shaibhreas na Gaeilge. Is léiriú é ar thiomantas an údair do thodhcháí na teanga agus meas an údair ar a traidisiún.

Breis is 4,000 leathanach clósriofa atá sa leagan den saothar atá á chur in eagair faoi láthair. Tá tamall eile fós le dul sula mbeidh sé i gcrích ach, i bhfocail Sheáin Óig fhéin, 'cuimhnigh go dtagann gach maith le foidhne' (faoin gceannfhocal **foidhne**)!

Is léachtóir i Roinn na Nua-Ghaeilge, Ollscoil na hÉireann, Má Nuad, i Tracey Ni Mhaonaigh. Bhain sí an dochúireacht amach anuraidh agus ba é ábhar a cuid taighde an t-ollchnuasach focal atá faoi chaibidil aici san alt, "Croidhe Cainnte Chiarraighe". Tá sí ag obair faoi láthair ar an saothar a réiteach don chló.



AR AN 17 BEALTAINE 1935 THOSAIGH SEÁN ÓG AR AN MÓRSHAOTHAR FOGLÓIREACHTA, CROIDHE CAINNTE CHIARRAIGHE, A BHAILIU. LEAN SE AIR AR FEADH 7 MBLIANA GO DTÍ DEIREADH MHÍ NA NOLLAG 1942. CNUASACH OLLMHÓR A BHFUL TUAIRIM IS 2,200,000 FOCAL AGUS 60,000 CEANNFHOCAL ANN, AR BAILÍODH A BHFORMHÓR Ó CHAINTEOIRÍ LIOFA A CHEANTAIR DHUCHAIS, BA THORADH AR A CHUID OIBRE